Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Obair leantach maidir le bearta um boilsciú, bearta fuinnimh agus athléimneacht fuinnimh an Aontais le haghaidh earnálacha riachtanacha eacnamaíocha

(tuairim féintionscnaimh)

(2023/C 349/03)

Rapóirtéir: **Felipe MEDINA MARTÍN**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	25.1.2023
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
Rannóg atá freagrach	Iompar, Fuinneamh, Bonneagar agus an tSochaí Faisnéise
Dáta a glactha sa rannóg	26.6.2023
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	12.7.2023
Seisiún iomlánach Uimh.	580
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	151/1/2

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Is é is aidhm don tuairim seo ó CESE measúnú a dhéanamh ar thionchar na géarchéime fuinnimh tar éis phaindéim COVID-19 agus ar thionchar chogadh foghach na Rúise faoin Úcráin ar ghnólachtaí Eorpacha, ar a n-oibrithe agus ar shaoránaigh uile na hEorpa. Tá CESE á thabhairt dá aire go bhfuil fadhbanna fadréimseacha tagtha chun cinn ar fud an gheilleagair, amhail méaduithe díréireacha ar chostais táirgthe, atheagrú slabhraí soláthair, deacrachtaí maidir le bia agus earraí eile a sholáthar, costais infheistíochta mhéadaitheacha agus cailleadh cumhachta ceannaigh ag teaghlaigh Eorpacha.

1.2. Is cúis imní do CESE na leibhéil arda bhoilscithe san Eoraip i ngeall ar chostais fuinnimh, ar chostais amhábhar, agus ar phraghsanna seirbhísí agus earraí tionsclaíocha. Is airde ná riamh leibhéal an bhoilscithe san Eoraip ó cruthaíodh an euro. Tá CESE ag tathant ar na hinstitiúidí Eorpacha sásraí rialaithe a bhunú amhail na sásraí sin a leagtar amach sa doiciméad ó Bhiúró Eorpach na gCumann Tomhaltóirí. Ba cheart a áireamh leis sin, mar shampla, cur chun feidhme iomlán na mbeart a leagtar amach sa dréacht-Rialachán ón gComhairle, lena ndéantar foráil maidir le hathchóiriú mór agus athdhearadh ar mhargadh an leictreachais. Iarrann CESE ar Bhallstáit an Aontais gníomhartha de chuid an Aontais a glacadh cheana a chur chun feidhme, amhail an pacáiste 'Fuinneamh Glan do gach Eorpach', rud a chabhróidh le dlús a chur leis an aistriú glas agus leis an margadh inmheánach a dhoimhniú.

1.3. Creideann CESE go bhfuil géarghá le creat géarchéime sealadach athbhreithnithe an Aontais a athchóiriú, i bhfianaise an mhéadaithe ollmhóir ar chostais a d'eascair as an gcogadh san Úcráin agus as an ngéarchéim fuinnimh. Molann sé freisin an creat sealadach maidir le bearta státchabhrach a chur i bhfeidhm ar bhealach ina mbeidh feidhm ag an gcabhair dá bhforáiltear sa Rialachán maidir le hidirghabháil éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh, agus faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, ar na hearnálacha uile atá thíos leis an ngéarchéim, agus béim ar leith á leagan ar earnálacha ríthábhachtacha. Ar an dóigh sin, ní bhainfear an bonn de chumas roinnt mhaith gnólachtaí teacht slán ón ngéarchéim agus seachnófaí tionchar diúltach ar chostas maireachtála na dtomhaltóirí agus ar a gcumas teacht ar thráchtearraí ar bhonn laethúil. Ina theannta sin, iarrann CESE arís eile go dtabharfaí isteach 'riail óir' chun go bhféadfar na hinfheistíochtaí poiblí is gá a dhéanamh.

1.4. Measann CESE gur cheart do theaghlaigh agus d'earnálacha ríthábhachtacha tairbhe a bhaint as na pleananna chun tionchar praghsanna arda fuinnimh a laghdú. Cé gur taifeadadh brabúis an-ard i roinnt earnálacha (méadú 26,8 % i gcomparáid leis an ráithe roimhe), de réir innéacs arna úsáid ag Eurostat chun an leibhéal féimheachta san Aontas a thomhas i gcomparáid leis an tagarmharc de 100 in 2015, shroich líon na n-iarratas ar fhéimheacht san Aontas 113,1 – an leibhéal is airde a taifeadadh riamh. Tá CESE ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit iarracht a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh teaghlaigh agus earnálacha ríthábhachtacha in ann fuinneamh a fhoinsiú ar bhonn leanúnach tráth a

chuirfear bearta i bhfeidhm chun an t-éileamh a laghdú le linn buaicuaireanta. Ag an am céanna, tá méadú tagtha ar bhrabúis roinnt cuideachtaí, in earnáil an fhuinnimh den chuid is mó, faoi scáth an bhoilscithe atá ann cheana, rud atá tugtha le fios ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) ([1]). Tá brabúis san earnáil sin ag cur leis an mboilsciú san Aontas agus ní mór dul i ngleic leo.

1.5. Seo a leanas roinnt de na héifeachtaí a bhí ag an ngéarchéim fuinnimh ar an ngeilleagar: boilsciú ard, fás eacnamaíoch lag, brú mór ar an airgeadas poiblí agus ar chumhacht ceannaigh teaghlach agus gnólachtaí, agus cailliúint iomaíochais eacnamaíoch sheachtraigh. Bunaithe ar mholtaí an Bhainc Ceannais Eorpaigh, molann CESE critéar a bhunú, mar atá 'Green triple-T' (*tailored, targeted and transition-proof*) ionas go mbeidh na hidirghabhálacha a dhéanfar amach anseo saincheaptha, spriocdhírithe agus slán ó thaobh an aistrithe de. Bearta neamhroghnaitheacha praghais, amhail an chaidhp phraghais ar roinnt táirgí bia, ní dhéanfaidís ach fad a chur le tréimhse an bhoilscithe ardaithe san fhadtéarma.

1.6. Mar gheall ar an mboilsciú ard atá ann i gcónaí, agus ar phraghsanna fuinnimh go háirithe, tá cumhacht ceannaigh á cailleadh ag oibrithe, tomhaltóirí agus cuideachtaí san Eoraip i gcoitinne, rud a dhéanann difear do dhálaí maireachtála cuid mhór teaghlach, don éileamh inmheánach agus don fhás. Chomh maith leis sin, is diúltach an tionchar a bhíonn ag an méid sin, agus ag cothabháil an bheartais airgeadaíochta maidir le rátaí úis a mhéadú, ar roinnt mhaith cuideachtaí. Creideann CESE go bhfuil ról tábhachtach ag an idirphlé sóisialta in earnáil an fhuinnimh maidir le teacht ar na cinntí iomchuí ar an leibhéal náisiúnta.

1.7. Tá CESE ag tathant ar na rialtais gnólachtaí agus teaghlaigh a spreagadh chun bearta coigilte fuinnimh agus éifeachtúlachta fuinnimh a chur i bhfeidhm, bearta lena mbeifear in ann an t-éileamh ar fhuinneamh a laghdú go buan. I ndáil leis an méid sin, ba cheart méadú an fhuinnimh in-athnuaite a spreagadh (trí na coinníollacha dlíthiúla agus fioscacha is gá a leagan síos, lena n-áirítear 'riail órga maidir le hinfheistíocht') chun ár spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú. Ba cheart an staid reatha a úsáid mar luamhán chun dlús a chur le dícharbónú gheilleagar an Aontais. Ba cheart ráthaíochtaí maidir le neamh-athlonnú atá nasctha le cabhair airgeadais a bheith ag gabháil leis na bearta sin. Is mithid na hinfheistíochtaí is gá (agus na creatchoinníollacha fioscacha is gá a leagan síos) a dhéanamh in aistriú fuinnimh na hEorpa chun an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú. Ina theannta sin, creideann CESE gur cheart dul chun cinn a dhéanamh maidir leis na hathruithe atá beartaithe ar REPowerEU chun dlús a chur le deonú ceadanna chun bonneagar fuinnimh in-athnuaite a shuiteáil, agus chun an méid sin a chuíchóiriú. Sa chomhthéacs sin, tá CESE ag tathant ar an Aontas agus ar na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar conas is féidir an praghas a íoctar as an mbarrachas fuinnimh a chuirtear isteach san eangach a oiriúnú ionas gur féidir infheistíochtaí inmharthana a dhéanamh ar mhaithe leis an acmhainneacht a uasmhéadú chun fuinneamh in-athnuaite a ghiniúint agus chun é a chomhroinnt nuair a sháraíonn sé riachtanais an ghineadóra féin. Ba cheart athnuachan dhearadh an mhargaidh fuinnimh a chur san áireamh i gclár oibre fadtéarmach an Choimisiúin Eorpaigh d'fhonn aon chur isteach ar sholáthar fuinnimh agus praghsanna as cuimse amach anseo a sheachaint.

2. **Tuairimí ginearálta**

2.1. Tá tionchar forleathan ag an rabharta boilscithe atá ag teacht chun cinn go rábach ar fud na hEorpa agus is féidir a aithint go soiléir go bhfuil dhá chéim i gceist leis. D'eascair an chéad chéim as an tréimhse téarnaimh a tháinig i ndiaidh na ndianghlasálacha a cuireadh i bhfeidhm i ngeall ar phaindéim COVID-19. Athsheoladh gníomhaíochtaí na n-earnálacha uile ag an am céanna agus, i ngeall air sin, cruthaíodh scrogaill sna slabhraí soláthair agus tháinig méadú ar chostais na n-amhábhar agus an lastais iompair. Tháinig méadú 101 % ar chostais na n-amhábhar idir mí Eanáir 2020 agus mí an Mhárta 2022 ([2]) agus méadú 545 % ar chostais lastais sa tréimhse chéanna ([3]).

2.2. Cuireadh tús leis an dara céim bhoilscithe i mí Feabhra 2022 agus ba é fogha na Rúise faoin Úcráin agus an cogadh foghach a d'eascair as ba chúis leis. Maidir leis an gcéim seo, bhí an tionchar is mó ag an suaitheadh ar earnáil an fhuinnimh agus ar roinnt táirgí a raibh an Rúis agus an Úcráin ina mórsholáthróirí díobh chuig an Aontas: gás nádúrtha, cruithneacht, ola lus na gréine agus leasacháin. Idir mí Feabhra agus mí Aibreáin 2022, tháinig méadú 18,6 %, 16,8 %, 38,6 % agus 16,7 % faoi seach ar phraghsanna na n-earraí sin ([4]). Bhíothas in ann srian a chur leis na costais sin ó shin i leith. Mar sin féin, i mí an Mhárta 2023, bhí na praghsanna in innéacs an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) maidir le praghsanna tráchtearraí 40,9 % níos airde ná mar a bhí in 2020, agus 3,6 % níos airde i gcás costais lastais.

2.3. Is léiriú é an boilsciú ar thionchar na bhforbairtí sin ar an ngeilleagar domhanda agus Eorpach. Dar le Eurostat, shroich an t-athrú bliantúil ar an innéacs comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí (ICPT) ([5]) laistigh den limistéar euro 11,5 % i mí Dheireadh Fómhair. Níor sroicheadh leibhéil den chineál sin ón gcéad seo caite, agus cé go ndeachaigh siad ar gcúl de bheagán le míonna beaga anuas (8,3 % a bhí sa ráta i mí an Mhárta 2023), is cosúil go bhfuil sé an-deacair na

([1]) Staidéar ó BCE ar an mboilsciú, 2023.
([2]) Innéacs CAI maidir le praghsanna tráchtearraí, ar fáil ag https://www.imf.org/en/Research/commodity-prices.
([3]) Freightos Baltic Index, ar fáil ag https://fbx.freightos.com/.
([4]) Innéacs CAI maidir le praghsanna tráchtearraí, ar fáil ag https://www.imf.org/en/Research/commodity-prices.
([5]) Eurostat, ar fáil ag https://ec.europa.eu/.

leibhéil sin a laghdú. Is léir ón mboilsciú foluiteach (gan earnáil an fhuinnimh a áireamh), atá ag dul i méid sa chuid is mó den Eoraip, nach géarchéim ghearrthéarmach é an suaitheadh ar phraghsanna, mar a measadh ar dtús. Mar sin, d'fhéadfadh sé nach bhfuil na torthaí a raibh coinne leo á mbaint amach ag an mbeartas airgeadaíochta a sheol an Banc Ceannais Eorpach.

3. **Tionchar an bhoilscithe ar gheilleagar na hEorpa**

3.1. Tá CESE á thabhairt dá aire go ndeachaigh an t-ionchas eacnamaíoch in olcas tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin i mí Feabhra 2022. I gcomparáid le 2022, meastar go dtiocfaidh laghdú ar an bhfás eacnamaíoch sna blianta atá le teacht ([6]). Mar sin féin, tá feabhas tagtha ar na réamh-mheastacháin sin le míonna beaga anuas. Le linn an gheimhridh, mheas an Coimisiún Eorpach go dtiocfadh méadú beag 0,8 % ar OTI in 2023 agus méadú measartha 1,6 % ar OTI san Aontas ina iomláine in 2024. Mar sin féin, sna réamh-mheastacháin a rinneadh le déanaí san earrach, méadaíodh na céatadáin sin go 1,0 % agus 1,7 % faoi seach. Ag an am céanna, meastar go dtiocfaidh laghdú de réir a chéile ar an mboilsciú, cé go mbeidh sé níos moille ná mar a bhíothas ag súil ar dtús (9,2 % in 2022, 6,7 % in 2023 agus 3,1 %% in 2024). Beidh an margadh saothair faoi bhrú mar gheall ar ráta íseal fáis agus tá méadú ag teacht ar fhiachas náisiúnta, i ngeall ar an méadú mór atá déanta ag an mBanc Ceannais Eorpach, mar shampla, ar rátaí úis, rud a chuirfidh brú fioscach ar fhormhór na mBallstát.

3.2. Is iad na 96,5 milliún Eorpach atá i mbaol na bochtaineachta nó an eisiata shóisialta na daoine is mó atá thíos leis an mboilsciú ard. I suirbhé Eorabharaiméadair, luaigh 41 % de fhreagróirí gurb iad praghsanna, boilsciú agus costas maireachtála cuid de na fadhbanna is mó atá os comhair a dtíre. Luaigh 32 % díobh an tsláinte agus 19 % an staid eacnamaíoch.

3.3. Mar thoradh ar chinntí beartais a glacadh, gearradh beagnach go hiomlán soláthairtí gáis ón Rúis chuig an Aontas agus tá beagnach leath de na Ballstáit thíos le seachadtaí laghdaithe. Tá tionchar diúltach ag an méadú ar an mboilsciú agus ar phraghsanna tráchtearraí, ag ganntanais lucht saothair agus ag suaitheadh sna slabhraí soláthair domhanda ar shlabhraí soláthair bia agus neamhbhia na hEorpa. De réir ionchas eacnamaíoch na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, tiocfaidh moill mhór ar an bhfás domhanda in 2023 go 2,2 %.

3.4. Dar leis an mBanc Ceannais Eorpach, is é an méadú ar phraghsanna fuinnimh atá freagrach as dhá thrian den difreálach boilscithe sa limistéar euro. De réir an Choimisiúin, méadú 54 % a tháinig ar chorrlaigh bhrabúis in earnáil an fhuinnimh idir 2019 agus 2022, fad is nár tháinig ach méadú 6 % ar phá. Ní hamháin go mbíonn tionchar ag caillteanas cumhachta ceannaigh an lucht saothair, tomhaltóirí agus cuideachtaí san Eoraip i gcoitinne ar dhálaí maireachtála roinnt mhaith teaghlach ach, mura dtéitear i ngleic leis an gcaillteanas sin, d'fhéadfadh sé difear a dhéanamh don éileamh agus don fhás intíre agus d'earnálacha gnó eile dá dheasca sin. Is éard is cúis leis sin ar fad freisin nach bhfuil deireadh á chur leis an mbeartas airgeadaíochta maidir le rátaí úis a mhéadú. Creideann CESE go bhfuil ról tábhachtach ag an idirphlé sóisialta in earnáil an fhuinnimh maidir le teacht ar na cinntí iomchuí ar an leibhéal náisiúnta.

3.5. Cé go bhfuil méadú tagtha ar phraghsanna tomhaltóirí san Eoraip ar bhonn ginearálta, ní raibh an treocht maidir le pá chomh luaineach céanna. Ciallaíonn sé sin go bhfuil laghdú tagtha ar chumhacht cheannaigh shaoránaigh na hEorpa, go háirithe na ndaoine is leochailí nach bhfuil na huirlisí acu chun iad féin a chosaint ar an mboilsciú. Go deimhin, is féidir athruithe ar iompraíocht na dtomhaltóirí a thabhairt faoi deara cheana. Is é is cúis leis na hathruithe sin an laghdú atá tagtha ar chumhacht cheannaigh na dteaghlach, a bhfuil géarchéim mhór maidir le costais mhaireachtála ag bagairt orthu, géarchéim a bhaineann leis an méadú ollmhór ar bhillí fuinnimh agus ar thionchar an bhoilscithe. Tá éagsúlachtaí móra idir na hionstraimí a chuireann na Ballstáit i bhfeidhm chun tomhaltóirí teaghlaigh leochaileacha a chosaint agus, i gcásanna áirithe, d'fhéadfadh éifeachtacht na n-ionstraimí sin a bheith teoranta. Ba cheart don Choimisiún Eorpach machnamh a dhéanamh ar na híoschaighdeáin atá le cur i bhfeidhm ag rialtóirí agus ag lucht ceaptha beartas a fhiosrú chun tomhaltóirí leochaileacha teaghlaigh a chosaint agus chun tacaíocht a chur ar fáil dóibh.

3.6. Tá an táirgeadh bia (talmhaíocht, feirmeoireacht beostoic agus tionscal an bhia san áireamh), agus dáileadh an bhia ar thomhaltóirí deiridh, ar cheann de na hearnálacha is mó atá thíos le héifeacht na paindéime agus an chogaidh. Mar gheall ar a ghaire atá an Eoraip don chogadh agus an tionchar atá aige sin ar mhargaí fuinnimh agus amhábhar, tá bearna praghsanna ag teacht chun cinn maidir le táirgí talmhaíochta idir an Eoraip agus na margaí idirnáisiúnta, margaí ina bhfuil an t-ardú is mó tagtha ar phraghsanna Eorpacha. Dá bhrí sin, de réir na deaise maidir le praghsanna tráchtearraí ó mhí Aibreáin 2023, tá an ráta fáis praghsanna don chuid is mó de tháirgí talmhaíochta na hEorpa níos airde ná an ráta domhanda, go háirithe a mhéid a bhaineann le táirgí feola. Tá trí phríomhéifeacht ag an iompar seo. Ar an gcéad dul síos, tá tionchar níos láidre ag an mboilsciú ar dhaonra na hEorpa i réimse na n-earraí fíor-riachtanacha. Ar an dara dul síos, tá laghdú ag teacht ar iomaíochas tháirgí bia na hEorpa ar an leibhéal idirnáisiúnta. Ar an tríú dul síos, tá ardú tagtha ar an bpraghas a íoctar le feirmeoirí mar thoradh ar chostais táirgthe níos airde.

([6]) https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-forecast-and-surveys/economic-forecasts/spring-2023-economic-forecast-improved-outlook-amid-persistent-challenges_en

3.7. Mar gheall ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, tháinig dúshláin ollmhóra chun cinn i slabhra an tsoláthair bia, sa bhreis ar chostais fuinnimh: méadú ar na praghsanna ar phríomh-ionchuir (beatha, leasacháin) agus ganntanais tráchtearraí áirithe (e.g. olaí glasraí agus cruithneacht), ar ionchuir iad a bhfuil gá leo chun slabhra soláthair lánfheidhmiúil a choinneáil. De bharr éifeacht na ndúradán a bhaineann leis na costais mhéadaitheacha, tá cinntí á ndéanamh táirgeadh leasacháin a laghdú, rud a ardóidh praghsanna tuilleadh. Is iad na triomaigh a tharla ar fud na hEorpa le linn shamhradh 2022 agus in 2023 go dtí seo is cúis le brú níos mó ar phraghsanna, ós rud é go bhfuil laghdú ag teacht ar an soláthar atá ar fáil.

3.8. Tá ualach dúbailte os comhair roinnt earnálacha ríthábhachtacha, lena n-áirítear gnólachtaí agus oibrithe, nach féidir leo a ngníomhaíochtaí a chur ar fionraí, beag beann ar a dheacra atá an staid: tá níos lú tomhaltóirí toilteanach íoc as na costais agus tá na costais sin ag méadú ag an am céanna, go háirithe i gcás billí fuinnimh atá fíor-ard. Tá iarracht déanta ag gnólachtaí earnáil an bhia teorainn a chur leis an méadú ar chostais chun praghsanna iomaíocha a áirithiú do thomhaltóirí agus tá imní orthu anois go mbeidh géarchéim tomhaltóirí ann (Hidalgo, M., 2023 ([7]); Eurocommerce, 2023). Sa chéad tuarascáil ó rialtas na Spáinne ar an bhfhaireachlann um chorrlaigh ([8]) a foilsíodh le déanaí, tugadh le fios go bhfuil laghdú 25 % tagtha ar chorrlaigh i measc an bhiashlabhra ó bhí 2021 ann. Is léir, mar sin, go bhfuil éabhlóid na gcorrlach brabúis an-ilchineálach.

Ag an am céanna, tá méadú tagtha ar bhrabúis roinnt cuideachtaí, in earnáil an fhuinnimh den chuid is mó, faoi scáth an bhoilscithe atá ann cheana, mar a léiríonn an Banc Ceannais Eorpach (BCE) ([9]). Tá brabúis san earnáil sin ag cur leis an mboilsciú san Aontas agus ní mór dul i ngleic leo.

3.9. Déanann Banc na Spáinne ([10]) tagairt do na héifeachtaí dearfacha a bhí ag 'cás eisceachtúil na hIbéire' nó 'sásra na hIbéire', mar a thugtar air, ar chóras praghsála an mhargaidh leictreachais. Chomh maith leis sin, pléann sé an tionchar dearfach (bíodh is go raibh sé teoranta) a bhí ag laghdú CBL ar phraghsanna bia agus breosla, cé go gcuireann sé in iúl go mbainfeadh costas níos ísle leis an mbeart dá mbeadh sé dírithe ar thacaíochtaí do theaghlaigh ar ioncam íseal. Tagraíonn Banc na Spáinne, freisin, don tionchar dearfach a bhí ag na méaduithe a rinne Rialtas na Spáinne ar an bpá íosta idirghairmiúil, ar phinsin agus ar Ioncam Beatha Íosta chun éifeachtaí boilscithe a mhaolú do theaghlaigh ar ioncam íseal.

4. **Tionchar na gcostas fuinnimh atá ag dul i méid ar bhrabúsacht gnólachtaí Eorpacha**

4.1. Ó thús 2021, tá méadú faoi fhachtóir 15 tagtha ar phraghsanna mórdhíola leictreachais agus gáis, agus tá tionchar tromchúiseach aige sin ar thomhaltóirí agus ar ghnólachtaí. Tá tús curtha ag rialtais na hEorpa le sraith beartas a chur chun feidhme mar fhreagairt air sin. Tá cineál amháin de na beartais sin dírithe ar an tionchar a bhíonn ag costais mhéadaithe ar thomhaltóirí agus ar ghnólachtaí a mhaolú. Is é is aidhm do bhearta eile praghsanna mórdhíola a chobhsú agus a laghdú agus an tslándáil fuinnimh a áirithiú. Tá CESE ag tathant ar an gCoimisiún Eorpach agus ar na Ballstáit athchóiriú cuimsitheach a dhéanamh ar dhearadh an mhargaidh leictreachais agus ar an gcóras ríofa praghsanna leictreachais, i gcomhréir le tuairim TEN/793 ([11]).

4.2. Tá éagsúlacht mhór ann maidir leis an gcaoi a n-imríonn praghsanna fuinnimh tionchar ar chostais gnólachtaí: ar an gcéad dul síos, trí chostas an tsoláthair leictreachais féin; ar an dara dul síos, trí thionchar indíreach na n-iarmhairtí ar an gcuid eile den slabhra soláthair; ar an tríú dul síos, i ngeall ar na hiarmhairtí airgeadais a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar thoradh ar an méid sin. Mar shampla, measadh i staidéar a rinne Banc na Spáinne a foilsíodh *ex ante* in earrach 2022 ([12]) go dtiocfadh laghdú 1,6 % ar oll-bhreisluach gnólachtaí in 2023 mar thoradh ar mhéadú carnach 25 % ar a gcostais fuinnimh. Mar sin féin, is í an mheánéifeacht atá i gceist leis sin. Léirítear sa tuarascáil go bhfuil roinnt earnálacha thíos níos mó ná earnálacha eile. Is í an earnáil eastósctha ola agus gáis nádúrtha is mó a bhfuil tairbhe á baint aici as sin. Is iad seo a leanas na hearnálacha is mó a ndéanfaí dochar dóibh: iascach agus dobharshaothrú, iompar de thalamh, iompar muirí agus uiscebhealaí intíre, trádáil agus deisiú mótarfheithiclí, talmhaíocht agus feirmeoireacht bheostoic, oideachas, aeriompar, gníomhaíochtaí eastáit réadaigh, monarú táirgí cóic agus peitriliam scagtha, gníomhaíochtaí sláinte agus seirbhísí sóisialta agus fáilteachais. Léirigh cuid de na hearnálacha sin le linn na paindéime cé chomh tábhachtach atá siad d'fheidhmiú rianúil gheilleagar an Aontais. Níl roinnt mhaith de na hearnálacha is mó atá buailte dian ó thaobh leictreachais de ina ngníomhaíocht táirgthe, ach is tomhaltóirí móra iad.

([7]) *Margins and profits of Spanish food retailers in 2022*.
([8]) *OME Informe Trimestral 2023T3* (bde.es).
([9]) Staidéar ó BCE ar an mboilsciú, 2023.
([10]) https://www.bde.es/f/webbe/SES/Secciones/Publicaciones/PublicacionesAnuales/InformesAnuales/22/Files/InfAnual_2022_En.pdf
([11]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/943 agus (AE) 2019/942 mar aon le Treoracha (AE) 2018/2001 agus (AE) 2019/944 chun feabhas a chur ar dhearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas (COM(2023) 148 final — 2023/0077(COD)) (IO C 293, 18.8.2023, lch. 112).
([12]) Ar fáil ag: https://www.bde.es/f/webbde/Secciones/Publicaciones/InformesBoletinesRevistas/InformesEstabilidadFinancera/22/IEF_2022_1_Rec1_4.pdf.

4.3. Anuas ar an tionchar díreach agus indíreach ar oll-bhreisluach na ngnólachtaí (corrlaigh), tá tionchar ag an leochaileacht airgeadais mhéadaithe chomh maith. I dtuarascáil Bhanc na Spáinne, déantar tagairt do na hearnálacha is mó atá buailte. Tá grúpa earnálacha ann a bheadh an-leochaileach. Ní hamháin go mbeidís i bhfiachas iomarcach, ach bheadh brabúsacht dhiúltach i ndán dóibh in 2023 chomh maith. Is iad seo a leanas na hearnálacha sin: trádáil agus deisiú mótarfheithiclí; iompar de thalamh agus de phíblíne; iascach agus dobharshaothrú; talmhaíocht agus feirmeoireacht bheostoic; agus teicstílí, éadaí, leathar agus coisbheart.

4.4. De réir mar a laghdaíonn stoic charnacha an gháis nádúrtha san Eoraip (68 % a bhí sa mhéid a stóráladh i mí na Bealtaine 2023 ([13])), beidh dúshláin bhreise romhainn maidir lenár mbeartas fuinnimh a bhainistiú. Tá difríocht fós ann idir na cainníochtaí a soláthraíodh roimhe seo ón Rúis agus ó na soláthraithe malartacha, mar sin ní dócha go dtiocfaidh laghdú ar phraghsanna sa ghearrthéarma. Os a choinne sin, tháinig laghdú suntasach ar an éileamh. Mar thoradh ar phraghsanna arda fuinnimh, laghdaítear iomaíochas ár dtionscal agus ár slabhraí soláthair, agus dá réir sin, tugtar tús áite d'eisfhoinsiú gníomhaíochtaí lasmuigh den Aontas. Ar an gcaoi sin, tá laghdú ag teacht ar neamhspleáchas straitéiseach an Aontais chomh maith. Tá tionchar an-suntasach ar theaghlaigh, go háirithe ar na daoine is leochailí, agus tá méadú ag teacht ar líon na ndaoine atá i mbaol na bochtaineachta nó i staid bochtaineachta. Leanfaidh sé sin de bheith amhlaidh go dtí 2024 ar a laghad ([14]). D'fhonn na saincheisteanna sin a chomhrac, molann CESE roinnt beart a dhéanamh lena n-áirítear an méid seo a leanas: ráthaíochtaí suímh a bhaineann le tacaíocht airgeadais; bearta coigiltis fuinnimh agus bearta éifeachtúlachta fuinnimh breise a bhfuil gá leo le haghaidh cuideachtaí chun an t-éileamh a laghdú; infheistíochtaí ollmhóra; agus na creatchoinníollacha fioscacha is gá chun táirgeadh fuinnimh in-athnuaite a leathnú, rud a laghdódh an spleáchas ar bhreoslaí iontaise.

4.5. Mar thoradh air sin, i ngeall ar an méadú ollmhór atá tagtha ar chostais fuinnimh, is mó atá inmharthanacht roinnt mhaith gnólachtaí agus teaghlach i mbaol. Cé gur geimhreadh éadrom a bhí ann i mbliana, ní féidir a bheith ag súil go mbeidh dálaí comhshaoil fabhracha ann i gcónaí. Ar an gcúis sin, ba cheart bearta a dhéanamh chun teaghlaigh atá an-leochaileach a chosaint, trí bhearta sonracha a ghlacadh sa réimse sin.

4.6. I gcás na ngnólachtaí, d'fhéadfadh méaduithe ollmhóra ar chostais gnólachtaí, ar méaduithe iad nach féidir a ríomh den chuid is mó, mar aon leis an drogall atá ar thomhaltóirí airgead a chaitheamh, a bheith ina gcúiseanna le hathlonnú éigeantach i gcásanna áirithe. Mar sin féin, níl sé sin indéanta do ghnólachtaí a chuireann seirbhís riachtanach ar fáil do chustaiméirí agus don chuid eile den slabhra soláthair, toisc nach féidir leo deireadh a chur lena n-oibríochtaí mar gheall ar mhéaduithe ar phraghsanna fuinnimh.

4.7. Cé gur measadh go raibh líon mór earnálacha agus a n-oibrithe ríthábhachtach le linn phaindéim COVID-19, is ríshoiléir go bhfuil an t-aitheantas sin in easnamh sa ghéarchéim fuinnimh atá ann faoi láthair. Go dtí seo, níor thug na Ballstáit tacaíocht shonrach do chuid mhaith de na hearnálacha sin. Tá iarracht déanta ag gnólachtaí a bhaineann leis na hearnálacha sin, mar aon le hoibrithe na ngnólachtaí sin, chun tomhaltóirí a chosaint, fiú ar chostas a gcorrlach féin, agus tá sé deacair dóibh costas iomlán an mhéadaithe ollmhóir ar bhillí fuinnimh a chur ar aghaidh chuig custaiméirí. Ní féidir leanúint leis an staid sin san fhadtéarma. Ar an gcaoi chéanna, creideann CESE nach bhfuil an chosaint atá á cur ar fáil ag na rialtais do dhaoine faoi láthair chomh maith céanna agus a bhí tráth na paindéime.

4.8. Tá roinnt infheistíochtaí á ndéanamh ag a lán gnólachtaí chun tomhaltas fuinnimh a laghdú agus chun feabhas a chur ar a gcumas maidir le rochtain a bheith acu ar fhuinneamh in-athnuaite. Creideann CESE gur féidir le gnólachtaí gníomhú chun dlús a chur leis an iompar a leictriú agus le gás le haghaidh téimh a ionadú, mar aon le ról lárnach a bheith acu san aistriú fuinnimh agus i spriocanna an Aontais do 2030 maidir le fuinneamh in-athnuaite. Chun an méid sin a bhaint amach, áfach, beidh gá le creat rialála fabhrach, lena n-áirítear ceadanna a dheonú agus dídhreasachtaí praghais a chomhrac maidir le níos mó fuinnimh a tháirgeadh.

4.9. Tá CESE á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé oibleagáidí REPowerEU agus feidhmíocht fuinnimh na bhfoirgneamh a ailíniú le tacaíocht agus le cumas na n-oibreoirí maidir le costas na n-infheistíochtaí suntasacha a bhaineann leis an méid sin a sheasamh. Beidh na bearta sin tábhachtach chun spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, ach ba cheart na hoibleagáidí a nascadh le cistiú poiblí agus príobháideach a bheith ar fáil. Ba cheart athnuachan dhearadh an mhargaidh fuinnimh a chur san áireamh i gclár oibre fadtéarmach an Choimisiúin Eorpaigh d'fhonn aon chur isteach ar sholáthar fuinnimh agus praghsanna as cuimse amach anseo a sheachaint. Leis an athdhearadh sin, ba cheart oiliúint an lucht saothair a mbeidh baint aige leis an earnáil a chur san áireamh.

([13]) Tá breis faisnéise ar fáil ag: https://agsi.gie.eu/data-overview/eu.

([14]) *EIU (2023): Energy crisis will erode Europe's competitiveness in 2023*, ar fáil ag: https://www.eiu.com/n/energy-crisis-will-erode-europe-competitiveness-in-2023/.

Ar an gcaoi chéanna, creideann CESE gur cheart na gnéithe praiticiúla a bhaineann le hinfhaighteacht trealaimh agus lucht saothair oilte a léiriú in oibleagáidí an dá chláir maidir le stáisiúin athluchtaithe thapa a shuiteáil le haghaidh feithiclí nó le haghaidh bonneagar breoslaí malartacha. Is gá a áirithiú gur féidir na cistí a eisíocadh trí na tograí nua a úsáid chun a áirithiú gur féidir an t-aistriú sin a dhéanamh laistigh de na spriocdhátaí a leagadh síos.

An Bhruiséil, 12 Iúil 2023.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE